# Dánta do Pháistí Aois 4 – 5

## 1. Mo Mhadra

Sin é mo mhadra,
Ina suí ar an stól.
Bíonn sé ag ithe,
Is bíonn sé ag ól.

Ólann sé bainne,
Is itheann sé arán.
Is deir sé 'Bhuf bhuf!'
Nuair a bhíonn sé lán.

## 2. Mo Thigh

Féach ar mo thigh, nach deas é?
Féach ar an díon is ar an simléar.
Tá na fallaí bán, tá an doras buí,
Cé mhéad fhuinneog ann? A haon, a dó, a trí!

## 3. Gugalaí Gug

Gugalaí gug mo chircín dubh,
Suíonn sí síos is beireann sí ubh.
Ubh inné, is ubh inniu,
Gugalaí gug, mo chircín dubh.

## 4. Cnag ar an doras

Cnag ar an doras is buail isteach,
Bain díot do hata is siúil isteach.
Suí ar an stól, is bí ag ól,
Is conas atá tú ar maidin?

# Dánta do Pháistí Aois 6 - 7

## 1. Lá Fhéile Pádraig

Lá Fhéile Pádraig,
Seamróg ghlas,
Suaitheantais álainn,
Ribín deas.

Amharc Naomh Pádraig,
Sa pharáid,
Ceol is rince,
Ar an tsráid

## 2. Mo Chaitín

Tá caitín agamsa atá bán agus buí,
In aice na tine a bhíonn sé ina luí,
Ní féidir leis léamh, ní féidir leis scríobh,
Ní labhraíonn sé focal le muintir an tí.
Bímse ar scoil ag obair go dian,
Is mo chaitín sa bhaile ina chodladh faoin ngrian.

## 3. Bean an Phoist

Stop veain
Ag an teach,
Tháinig bean
An phoist amach.
“Dia duit”,
A dúirt sí liom,
Thug sí beart
‘S litir dom.
“Slán”, ar sí
Ag imeacht léi,
D’oscail mé an beart -
Huiré!

## 4. Prionsa na bhFrog

le Art Ó Súilleabháin

Ba mhaith liom cónaí i gcaisleán,
Bheadh gliondar ar mo chroí,
Bheadh mo mhamaí ina banríon,
'S mo dhaidí ina rí.

Bheadh mise i mo bhanphrionsa,
Bheadh mo chairde éadmhar, lag.
Rachaidh mé amach amárach,
Agus pógfaidh mé cúpla frog.

# Dánta do Pháistí Aois 8 – 9

## 1. An Damhán Alla

le Donnchadha Mac Aogáin

Amach as poll san urlár
Gach oíche ar a hocht,
Éalaíonn créatúr cúthail,
An Damhán Alla nocht!

Níl léine, seaicéad na bríste air,
Ach ní airsean atá an locht.
'Ní dhéantar brístí ochtchosacha',
Arsa an Damhán Alla bocht.

Cuimhnígí ar an scéilín seo
Gach maidin, luath moch,
Agus cuirigí oraibh bhur mbrístí,
Ná téigí ar scoil is sibh nocht!

## 2. Is fearr liom

le Uinsionn Ó Domhnaill

Is maith liom an ghrian, is í ag dul faoi,
Is an ghealach mhór bhuí in airde.
Is maith liom na réaltaí ag lonrú san oích',
Ach is fearr liom mo chlann is mo chairde.

Is maith liom na huain ag rith is ag siúl,
Is na bláthanna ar fud na páirce.
Is maith liom na héin ag seinm ar chraobh,
Ach is fearr liom mo chlann is mo chairde.

## 3. An Ghaoth Aduaidh

An ghaoth aduaidh, bíonn sí crua,
Agus cuireann sí fuacht ar dhaoine.

An ghaoth aneas, bíonn sí tais,
Agus cuireann sí rath ar shíolta.

An ghaoth anoir, bíonn sí tirim,
Agus cuireann sí brait ar chaoirigh,

An ghaoth aniar, bíonn sí fial,
Agus cuireann sí iasc chun tíre.

## 4. An tEarrach

le Tomás Mac Anna

Léimeann na huain le háthas
Ar na páirceanna cois trá,
Léimeann mo chroí le gliondar
Go bhfuil sé ina lá.

Tagann an ghaoth ón muir
Is í ag siosarnach dom
Faoi thíortha i bhfad i gcéin,
A mbánta is a sléibhte lom'.

Tá suan an gheimhridh thart;
Nach aoibhinn dúinn a bheith beo?
An t-earrach linn,
An samhradh romhainn,
Is an ghile a ghabhann leo.

Dánta do Pháistí Aois 10 – 11

## 1. Mise Éire

le Pádraig Mac Piarais

Mise Éire:
Sine mé ná an Chailleach Bhéarra.

Mór mo ghlóir:
Mé do rug Cú Chulainn cróga.

Mór mo náir:
Mo chlann féin do dhíol a máthair.

Mór mo phian:
Bith-naimhde do mo shíorchiapadh.

Mór mo bhrón:
D'éag an dream inar chuireas dóchas.

Mise Éire:
Uaigní mé ná an Chailleach Bhéarra.

## 2. An Grá

le Éamonn Ó Ruanaí

Le cuileog bhacach
Bhuail damhán alla tráth,
Is dá n-ainneoin féin,
Thit an bheirt i ngrá.
Pósadh iad ag cóisir mhór,
Is ar mhí na meala d'imigh siad leo.

An lá dar gcionn, go mór faoi léan,
D'fhill an damhán alla is é leis féin.
'Ar mo chomhaireamh atá an locht -
Bhí mé cinnte go bhfuair mé a hocht
Dallta ag an ngrá a bhí mé, muise,
Níor thug mé faoi deara na maidí croise.'

## 3. Amhrán na Gaoithe
le Pádraig Ó Duinnín

Bím ag rith
Siar is soir,
Ar tír is ar muir,
  Gan traochadh.

Bíonn mo ghuth,
Go hard amuigh
San oíche dhubh
  's gach aon bhall.

Bheirim liom
An bád is an long
Thar muir anonn
  Go héascaidh.

Bímse riamh
Ar an sliabh
Amuigh go dian
  Ag séideadh.

## 4. Eitleog
le Áine Ní Ghlinn

Scaoilim m'eitleog
Suas suas san aer.
Pógann sí na crainn,
Is preabann chun na spéire.
Éalaíonn isteach i scamall,
Is tosaíonn sí ag spraoi,
Ag luascadh is ag eitilt
Le rithim na gaoithe.

Ba bhreá liomsa bheith i m'eitleog
Thuas is airde sa spéir.
Ba bhreá liom dul ar foluain
Ar sciatháin aeir.
Ba bhreá liom bheith léi
Thuas os cionn na gcrann ag spraoi,
Ag lorg faoisimh
Ón uaigneas seo i mo chroí.

# Dánta do Pháistí Aois 12 – 13

## 1. Dathanna
le Patricia Forde

Is glas iad na cnoic atá i bhfad uainn,
Is gorm iad na tonnta i gcéin,
Nach buí iad na bláthanna sléibhe,
Nach bán iad an eala is an néal.

Is dearg í an tine agus fearg uirthi,
Is liath é an cat ina shuí,
Nach corcra é an bláth ar an bportach,
Nárbh iontach é an saol mar a bhí.

Is dubh í an oíche sa gheimhreadh,
Is geall iad na réaltaí sa spéir,
Nach órga é an solas sa samhradh,
Nach uaine mo chos insan fhéar.

Is donn iad mo shúile sa scáthán,
Is bán iad na fiacla i mo bhéal,
Nach deas le Dia na dathanna,
Cibé cén dath atá ort féin!

## 2. Caint
le Éamonn Ó Ruanaí

Tá cigire cainte i mo cheann
A chíorann gach smaoineamh a ritheann tríd,
Ag meá gach focail, ag blaiseadh na bhfonn,
Ag ceilt rún nó fírinne lom,
Ag scagadh freagraí,
Ag baint, ag scrios,
Ag iarraidh frásaí borba a chosc.
Is é is toradh ar a dhianscrúdú
Mo theanga a cheangailt ina snaidhm, ina lúb,
Gach focal stadach,
Frogach, bacach,
Do m'fhágáil balbh
I mo
Thost.

## 3. Ár nÓige

le Máirtín Ó Díreáin

Má deirid leat do chairde
Gur siolla den ghaoth trí fhál,
An siolla a chloisir de ghnáth,
Ar bhóthar Bhaile an Chláir
Nó láimh le Rathún na gCnámh,
Ná géill feasta dá ráite:
'Sí ár n-óige í go dearfa
Ag éamh ar fud na háite.

Minic a d'fhill sí orm féin
Bhuail doras mo chuimhne
Is d'fhiafraigh go dian díom
Ar aithníos cé a bhí ann,
Ach ghabh cás is cian mé,
Is chuireas uaim siar í
Go bóthar Bhaile an Chláir
Is go Rathún na gCnámh.

## 4. Na Scamaill

le Siobhán Ní Mhuimhneacháin

Tráthnóna breá samhraidh is mé amuigh faoin aer,
Chonac scamaill bhána ar foluain sa spéir.
Do stán siad anuas orm gan deifir orthu ná moill -
Iad scaipthe thart mar a bheadh míreanna mearaí.

Bhí crogall is cearc ann is éinín beag bán,
Ag casadh, ag rince is ag canadh amhrán.
Do chroith siad a lámh chugam, is scread mé thar n-ais,
Ná himigí, a scamalla, ach fanaigí le m'ais.

Lasadh áthas is gliondar is grá i mo chroí,
Thug mé moladh agus buíochas is glóir do Dhia.
Nuair a d'fhéach mé arís bhí dath órga is buí,
Ar na scamaill san iarthar is an ghrian ag dul faoi.

# Dánta do Pháistí Aois 14+

## 1 Valparaiso
le Pádraig de Brún

Tháinig long ó Valparaiso,
Scaoileadh téad a seol sa chuan,
Chuir a hainm dom i gcuimhne
Ríocht na Gréine, Tír na mBua.

"Gluais,' ar sí, 'ar thuras fada,
Liom ó scamall is ó cheo,
Tá fé shleasaibh gorm Andes
Cathair scáfar, glé mar sheod."

Bhíos óg is ní imeoinnse,
Am an dóchais, tus mo shaoil,
Chreideas fós go raibh i ndán dom
Iontaisí na ndán 's na scéal.

Ghluais an long thar lintibh mara,
Fad ó shin is a crann mar ór,
Scríobh a scéal ar phár na hoíche,
Ard i rian na réaltan mór.

Fillfidh sí arís chugam áfach;
Chífead cathair bhán fén sléibh,
Le hais mara na síochána -
Creidim fós beagnach, a Dhé.

## 2. Fáinne Geal an Lae

Maidin moch do ghabhas amach,
Ar bhruacha Locha Léin.
An Samhradh teacht, 's an chraobh len' ais,
Is lonradh te ón ngréin
Ar thaistil dom trí bhailte poirt is bánta míne réidh,
Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas,
Le fáinne geal an lae.

Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc,
Ar mo stóirín óg ón spéir,
Ach folt fionn órga síos go troigh,
Ag fás go barr an fhéir.
Bhí calán crúite aici ina glaic,
'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh
Do rug barr gean ar Bhéineas deas
Le fáinne geal an lae.

Do shuigh an bhrídeog síos le m'ais,
Ar bhinse glas den fhéar,
Ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
Mar mhnaoi nach scarfainn léi.
'Sé dúirt sí liomsa, "imigh uaim,
Is scaoil ar siúl mé a réic."
Sin iad aneas na soilse ag teacht
Le fáinne geal an lae.

## 3. Cill Aodáin

le Antaine Ó Raftaire

Anois teacht an earraigh, beidh 'n lá dul chun síneadh
'S tar éis na Féil' Bríde, ardóidh mé mo sheol,
Ó chuir mé 'mo cheann é ní stopfaidh mé choíche
Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo.
I gClár Chlainne Mhuiris bheas mé an chéad oíche,
'S i mBalla taobh thíos de thosós mé ag ól,
Go Coillte Mach rachad go ndéanfad cuairt mhíos' ann
I bhfogas dhá míle do Bhéal an Áth' Móir

Fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroíse
Mar éiríonn an ghaoth nó mar scaipeann an ceo,
Nuair 'smaoíním ar Cheara nó ar Ghailleang taobh thíos de,
Ar Sceathach a Mhíl' nó ar phlánaí Mhaigh Eo.
Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara 's sú craobh ann, is meas ar gach sórt,
'S dá mbeinn-se 'mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

## 4. Labhrann Deirdre
le Maire Mhac an tSaoi

Ar bhruach na coille
Chonac ag dul tharam
An triúr laoch
Dob áille dealbh,
Is do lean mo chroí-se
An té dob fhearra,
Cé go rabhas-sa snaidhmthe
Le rímhac Neasa.

A Naois' mhic Uisnigh,
A réalt chatha,
Ba bheo do ghrua
Ná an fhuil sa tsneachta,
Mar sciath an fhéich
Bhí do dhlúthfholt daite,
Is ceann Chonchúir
Féna ualach seaca.

I bpálás Eamhna
Tá tinte ar lasadh,
Is grianán scáileach
Romham tá ceaptha,
Is seanóir liath
Ann a d'fhanann
Ná luífead go brách
Len ais mar leannán.

Cá tairbhe domhsa
Staonadh feasta
Ó tú i ndán dom
Ulaidh a chreachadh?
Raghadsa, a ghrá,
Ag éalú leatsa,
Sara gcloífead le fear,
Is sine na m'athair

A bhean sa chúinne
Éir' it sheasamh
Is gléas orm gúna
Den tsról dearg;
Le lásaí óir
Beidh mo bhróga ceangailte
Ag siúl lem' stór
Thar bhánta an earraigh dom.